



# Múinteoir Nua-Cháilithe (MNC)

## Bileog Faisnéise faoi Chlárú 2014/2015

Agus tú ag druidim le deireadh do chuid léinn agus ag tnúth le tosú de bheith ag obair mar mhúinteoir, ní foláir duit a chinntiú go mbeidh tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht atá freagrach as caighdeán ghairmiúla sa mhúinteoireacht. Déanann sí gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil d'fhonn caighdeán arda a chothú ar mhaithe le leas an phobail.

Ní mór duit roinnt beart a dhéanamh sna sé mhí amach romhat chun a chinntiú go n-éireoidh le d'iarratas ar chlárú mar mhúinteoir. Caithfidh tú bheith cláraithe sular féidir leat tosú de bheith ag obair mar mhúinteoir i scoil aitheanta agus tuarastal Stáit a fháil.

Tá na doiciméid a liostaítear thíos ar fáil sa Phaca Clárúcháin seo le haghaidh MNCanna. Coinnigh an paca seo, le do thoil, mar beidh ort úsáid a bhaint as le linn an phróisis clárúcháin sna míonna amach romhainn. Is féidir féachaint ar fhíseán ina mínítear an próiseas seo ar [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie) freisin.

### An Próiseas Clárúcháin

Gach bliain, tugann ionadaí ón gComhairle Mhúinteoireachta cuairt ar mhic léinn atá sa bhliain dheireanach staidéir sna coláistí nó sna hollscoileanna go léir ina gcuirtear clár d'oideachas múinteoirí ar fáil. (Féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid a dhéanamh ar líne i roinnt cásanna). Is é cuspóir na cuairte cur síos a dhéanamh ar ról agus ar fheidhmeanna na Comhairle Mhúinteoireachta, faisnéis a sholáthar faoin bpróiseas clárúcháin agus faoi ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána, agus na foirmeacha a bhfuil gá leo chun tús a chur leis an bpróiseas clárúcháin a scaipeadh.

Ní foláir do dhuine a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta sular féidir leis nó léi múineadh i scoil aitheanta nó tuarastal a fháil atá íoctha as cistí an Stáit. Tá roinnt céimeanna éagsúla i gceist leis an bpróiseas clárúcháin. I gcás mic léinn atá sa bhliain dheiridh de chúrsa oideachais múinteoirí, cuirtear tús leis an bpróiseas roinnt míonna sula ndéanann siad scrúduithe na bliana deiridh. Ní mór na ceithre fhoirm seo a leanas a chomhlánú san ord a leagtar amach thíos chun an próiseas clárúcháin a chur i gcrích ar an tslí is éasca, éifeachtúla:

#### 1 An Fhoirm Toilithe chun Mionsonraí Mic Léinn agus Torthaí Cáilíochta a Aistriú ón gColáiste/ Ollscoil chuig an gComhairle Mhúinteoireachta

Iarrann an Chomhairle Mhúinteoireachta mionsonraí mac léinn ó na coláistí agus ó na hollscoileanna chun an próiseas clárúcháin a éascú agus a shimpliú. Áirítear ar na mionsonraí sin ainm, seoladh, dáta breithe, uimhir PSP, teideal na cáilíochta agus faisnéis faoin ngrad deiridh.

Iarrtar ar mhic léinn an Fhoirm Toilithe a chomhlánú agus a chur ar ais chuig oifig an Chláraitheora nó chuig an Rannán Oideachais sa choláiste nó san ollscoil chun ceadú don choláiste nó don ollscoil na sonraí sin a aistriú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

I gcás nach gcomhlíonfaidh mac léinn Foirm Toilithe ní bheidh ar chumas an choláiste nó na hollscoile sonraí an mhic léinn sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle. De thoradh air sin, ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta in ann Foirm Iarratais ar Chlárú le haghaidh MNCanna a eisiúint don duine sin. I gcás den sórt sin, ní foláir don iarratasóir iarratas ar chlárú a dhéanamh leis an bhfoirm chlárúcháin chaighdeánach agus scríbhinní de cháilíochtaí agus cruthúnas céannachta a chur ar fáil.

#### 2 Foirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána

Ní mór don Gharda Síochána grinnfhiosrú a dhéanamh ar na MNCanna go léir tríd an gComhairle Mhúinteoireachta chun gur féidir iad a chlárú agus iad a fhostú.

Tá Foirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána san áireamh sa Phaca Clárúcháin seo le haghaidh MNCanna. Moltar an fhoirm a chomhlánú go hiomlán agus go cuí faoi threoir na gceisteanna coitianta atá faoi iamh leis seo freisin. Déanann an Chomhairle na foirmeacha a scagadh ar dtús chun aon bhotúin a aimsiú agus ansin cuireann sí chuig Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda (LAGG) iad. Má tá botúin nó easnamh i bhfoirm, seolfar ar ais chuig an iarratasóir í agus cuirfear moill ar an bpróiseas.

Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta sa chlúdach litreach réamhíochta soláthraithe.

Ní mór d'iaratasóir a raibh cónaí air nó uirthi lasmuigh d'Éirinn agus/nó lasmuigh de Thuaisceart Éireann ar feadh trí bliana nó níos mó, san iomlán, tar éis aois 18 a bhaint amach, na doiciméid tacaíochta bhreise seo a leanas a chur ar fáil in éineacht leis an bhFoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána:

- Bunchóip de dhoiciméad imréitigh póilíní ó gach dlínse/stát ina raibh cónaí air nó uirthi a bhaineann leis an tréimhse ama iomlán a chaith sé nó sí sa tír sin.
- Forchoimeádann an Chomhairle an ceart dearbhú faoi mhionn a éileamh mura mbeidh nochtadh sásúil póilíní/de thaifid choiriúla ar fáil. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta foirm dhearbhúcháin a eisiúint chuige sin.

Tá Grinnfhiosrú an Gharda Síochána riachtanach chun post a fháil chomh maith. Féach Ciorclán 0063/2010 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, atá ar fáil lena íoslódáil ó [www.education.ie](http://www.education.ie). Féach ar cheist a hocht sna Ceisteanna Coitianta ar an mbileog seo freisin.

Déan an Fhoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána a chomhlánú go cúramach, le do thoil. Cuireadh Ceisteanna Coitianta agus foirm shamplach sa phaca seo chun cabhrú leat. Ní féidir le Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda glacadh le foirm mura mbeidh na réimsí uile comhlánaithe. Ní mór seoltaí na n-áiteanna go léir ina raibh cónaí ort ó rugadh tú a lua ar an bhfoirm chomh maith (san fhormáid mí/bliain).

Seoltar thart ar 40% d'Fhoirmeacha Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána ar ais chuig mic léinn gach bliain toisc nár comhlánaíodh i gceart iad nó toisc gur fágadh codanna den fhoirm bán. D'fhéadfadh sin moill roinnt seachtainí a chur ar an bpróiseas.

Ná déan dearmad do sheoladh teagmhála a lua ag bun na foirme. Má tá do sheoladh le linn an téarma éagsúil ó do sheoladh baile, d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr do sheoladh baile a úsáid ar eagla nach mbeidh cónaí ort ag an seoladh eile faoin tráth a eiseofar an litir ghrinnfhiosrúcháin chugat.



### 3 An Fhoirm um Theistiméireacht faoi Charachtar

De réir na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 - 2012, ní foláir fianaise shásúil ar charachtar a chur ar fáil chun bheith curtha leis an gClár Múinteoirí. Faigheann an Chomhairle fianaise ar charachtar trí phróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (mar a mhínítear sa chuid roimhe seo) agus trí Fhoirm um Theistiméireacht faoi Charachtar a iarraidh.

Tá an Fhoirm um Theistiméireacht faoi Charachtar san áireamh san Fhoirm Iarratais ar Chlárú le haghaidh MNCanna (a eisítear chuig MNCanna nuair a fhaigheann an Chomhairle torthaí na scrúduithe - féach an chéad chuid eile). Ní mór do dhuine gairmiúil i bpost freagrachta scolaíoch/acadúil a raibh aithne aige nó aici ar an iaratasóir ar feadh aon bhliain acadúil amháin ar a laghad agus a mheasann go mbeadh an t-iaratasóir oiriúnach chun dul isteach i ngairm na múinteoireachta, an Fhoirm um Theistiméireacht faoi Charachtar a shíniú.

Tharla sé cheana go raibh deacrachtaí ag múinteoirí nua-cháilithe maidir le teacht ar dhuine oiriúnach chun an chuid sin den fhoirm a chomhlánú i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn príomhoidí scoile, múinteoirí cláraithe agus foireann na gcoláistí ar saoire. Cuireadh Foirm um Theistiméireacht faoi Charachtar ar fáil sa Phaca Clárúcháin le haghaidh MNCanna seo d'fhonn an fhadhb sin a mhaolú. Ba chóir an fhoirm a chomhlánú a luaithe is indéanta d'fhonn na deacrachtaí thuasluaite a sheachaint. Moltar duit an fhoirm seo a chomhlánú sula ndéanfaidh tú na scrúduithe deiridh. Ba chóir an fhoirm a choinneáil ansin agus í a chur ar fáil leis an bhfoirm Iarratais ar chlárú a eiseofar chugat i míonna an tsamhraidh (féach cuid 4).

### 4 Foirm Iarratais ar Chlárú mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna

Nuair a chríochnaíonn mac léinn clár d'oideachas múinteoirí, más rud é go bhfuil Foirm Toilithe (féach leathanach 1) comhlánaithe aige nó aici, déanfaidh an coláiste nó an ollscoil ar a raibh sé nó sí ag freastal mionsonraí an mhic léinn a aistriú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Déantar na mionsonraí sin a chur isteach i bhFoirm

Iarratais ar Chlárú mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna a sheoltar chuig an mac léinn leis an bpost. Mura ndéantar mionsonraí mic léinn a aistriú ón gcoláiste nó ón ollscoil iomchuí, ní bhfaighidh sé nó sí Foirm Iarratais ar Chlárú mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna agus ní foláir dó nó di an fhoirm Iarratais chaighdeánach a chomhlánú.

Ní foláir do mhúinteoirí nua-cháilithe an Fhoirm Iarratais ar Chlárú mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna a chomhlánú, í a fháil sínithe agus stampáilte sna háiteanna cuí, agus doiciméid bhreise (scríbhinní) a chur ar fáil léi de réir mar a iarrrtar ar an bhfoirm Iarratais (féach CC 2 ar leathanach 3).

Rogha eile is ea go bhféadfaidh MNCanna seoladh an tsuímh gréasáin ar ar féidir a dtáifid acadúla a fhíorú ar líne a chur ar fáil, mar aon leis na mionsonraí logála isteach lena mbaineann.

Bíonn faisnéis ghrinnfhiosrúcháin ag teastáil freisin le haghaidh na Foirme Iarratais ar Chláru mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna, mar atá sa litir ghrinnfhiosrúcháin a eisíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta. Mar sin, ní foláir a chinntiú go bhfuil Grinnfhiosrú an Gharda Síochána tugtha chun críche (féach cuid 2 den bhileog seo).

Ní féidir leis an gComhairle an próiseas clárúcháin le haghaidh MNCanna a thabhairt chun críche gan an Fhoirm Iarratais ar Chláru mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna a bheith comhlánaithe.

Nuair a chríochnófar an próiseas clárúcháin, gheobhaidh múinteoir litir ón gComhairle Mhúinteoireachta lena ndearbhófar go bhfuil sé nó sí cláraithe.

Féach ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna le haghaidh ciorcláin a bhaineann le clárú agus earcú múinteoirí ([www.education.ie](http://www.education.ie)).

## Ceisteanna Coitianta

### 1. Cad is gá dom a dhéanamh nuair a bheidh an clár d'oideachas múinteoirí críochnaithe agam chun an próiseas clárúcháin a chur chun cinn?

*I gcás go bhfuil Foirm Toilithe comhlánaithe agat, déanfar do mhionsonraí teagmhála agus cáilíochta a aistriú ó do choláiste nó ó d'ollscoil chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Eiseofar Foirm Iarratais ar Chláru mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna chugat ansin.*

*Déan an fhoirm sin a chomhlánú a luaithe agus is féidir leat, le do thoil, agus cuir ar ais chuig an gComhairle Mhúinteoireachta í leis na doiciméid chuí nuair is gá. Ní mór duit a chinntiú go mbeidh an próiseas a bhaineann le Grinnfhiosrú an Gharda Síochána críochnaithe agat chomh maith.*

### 2. An gá dom mo scríbhinní acadúla a chur ar fáil?

*Luafar ar an bhFoirm Iarratais ar Chláru mar Mhúinteoir le haghaidh MNCanna cé acu an gá duit nó nach gá duit cóipeanna deimhnithe\* de scríbhinní do cháilíochtaí a chur ar fáil. De ghnáth, má tá clár seachas Baitsiléir san Oideachas nó clár comhthráthach ceithre bliana d'oideachas múinteoirí tugtha chun críche agat, ní mór duit scríbhinní a chur ar fáil. Glacfaidh an Chomhairle le seoladh an tsuímh gréasáin ar ar féidir do thaifid acadúla a fhíorú ar líne, mar aon leis na mionsonraí logála isteach lena mbaineann.*

### 3. Cad is gá dom a dhéanamh nuair a gheobhaidh mé post mar mhúinteoir?

*Caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó an Bord Oideachais agus Oiliúna - BOO (An Coiste Gairmoideachais mar a bhí) fianaise dhoiciméadach*

*a fháil go bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta Ba chóir duit a bheith cláraithe agus ba chóir go mbeadh cruthúnas doiciméadach ar do chlárú agus ar an ngrinnfhiosrú a rinne an Garda Síochána ort agus tú ag lorg post mar mhúinteoir. Tá mionsonraí breise faoi earcú agus clárú múinteoirí agus faoi cháilíochtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ([www.education.ie](http://www.education.ie)).*

### 4. Cén fhad a thógann próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána?

*De ghnáth, maireann próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána idir 8 seachtaine agus 12 sheachtain ón tráth a fhaightear Foirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána atá comhlánaithe i gceart. Mura bhfuil foirm comhlánaithe i gceart, ní ghlacfaidh Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda léi agus cuirfear ar ais chuig an iarratasóir í lena ceartú. Cuirfidh sé sin moill ar phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.*

### 5. An féidir liom a bheith cláraithe gan próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a bheith tugtha chun críche agam?

*Ní féidir. Tá grinnfhiosrú an Gharda Síochána riachtanach don chlárú. Ní chlárófar múinteoir gan an grinnfhiosrú a dhéanann an Garda Síochána air nó uirthi a bheith tugtha chun críche. Ní mór do mhúinteoirí nua-cháilithe iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrú an Gharda tríd an gComhairle Mhúinteoireachta chun bheith in ann clárú.*

### 6. Cá háit a seolfaidh mé an Fhoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána nuair a bheidh sí comhlánaithe agam?

*Déan an fhoirm comhlánaithe a sheoladh chuig: An Rannán um Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire sa chlúdach litreach réamhíoctha a cuireadh ar fáil.*

### 7. An gá dom seoltaí na n-áiteanna ina raibh cónaí orm le linn dom bheith sa choláiste a chur ar an bhFoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána?

*Is gá. Ní foláir seoladh gach áite ina raibh cónaí ort ar feadh tréimhse níos faide ná trí mhí a chur ar an bhFoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána*

### 8. Conas a bheidh a fhios agam nuair a bheidh próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána tugtha chun críche?

*Tá an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012 le bheith curtha i bhfeidhm in 2015. Ag brath ar dháta an chur i bhfeidhm, gheobhaidh tú litir nó ríomhphost ón gComhairle Mhúinteoireachta ina gcuirfear toradh an phróisis grinnfhiosrúcháin in iúl. Beidh aon nuacht maidir leis an Acht seo ar fáil ag [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie).*

#### \*Polasaí maidir le Cóipeanna Deimhnithe

Ní mór do chomhalta den Gharda Síochána nó Aturnae nó Coimisinéir Mionnaí doiciméad bunaidh agus fótachóip den doiciméad a fheiceáil ag an am céanna chun an fhótachóip den doiciméad bunaidh a dheimhniú. Cuirfidh an deimhnitheoir síniú, stampa agus dáta ar an bhfótachóip chun a thabhairt le fios gur cóip dhílis den doiciméad bunaidh an fhótachóip.

### 9. An bhfuil táille chlárúcháin i gceist?

Tá. Is í €90 an táille chlárúcháin tosaigh. Is í €65 an táille athnuachana bhliantúil

### 10. Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil mé cláraithe?

Gheobhaidh tú litir ag dearbhú go bhfuil tú cláraithe. I dteannta sin, gheobhaidh tú Lámhleabhar Clárúcháin cuimsitheach ina mínítear a bhfuil le déanamh agat chun coinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh, agus cóip den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

### 11. Céard a tharlóidh i gcás gur gá dom scrúduithe forlíontacha (athscrúduithe) a dhéanamh?

I gcás nach n-aistrefar do chuid sonraí chuig an gComhairle Mhúinteoireachta le linn an tsamhraidh mar gheall ar thorthaí neamhiomlána nó i gcás ina bhfuil gá le scrúduithe forlíontacha (athscrúduithe), beidh ort foirm iarratais chaighdeánach archlárú a íoslódáil ó [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie). Féadfar an fhoirm a chur isteach tar éis duit pas a fháil in aon scrúduithe forlíontacha. Ní mór cóipeanna deimhnithe de scríbhinní do cháilíochtaí agus de d'aitheantas (teastas breithe nó pas reatha) a chur ar fáil leis an bhfoirm. Tabhair faoi deara nach bhfaighidh tú meabhrúchán faoi chlárú ón gComhairle Mhúinteoireachta má tá tú ag tabhairt faoi athscrúduithe/scrúduithe forlíontacha.

### 12. Táimse cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta cheana féin. An gá dom aon rud a dhéanamh?

Ba chóir do chéimithe an fhoirm iarratas ar chlárú a sheoladh ar ais agus í comhlánaithe. Déanfaidh an Chomhairle an Clár a nuashonrú dá réir sin agus cuirfear an earnáil nua oideachais (bunscoile nó iar-bhunscoile) leis de réir na gcáilíochtaí breise a chuirfear isteach.

#### An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad,  
Co. Chill Dara, Éire

Íosghlao 1890 224 224  
Guthán +353 1 651 7900  
Facs +353 1 651 7901  
Ríomhphost [info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

[@TeachingCouncil](https://twitter.com/TeachingCouncil)



An Chomhairle Mhúinteoireachta  
The Teaching Council

## Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Tugann An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí treoir do bhreithiúnas agus do chleachtadh gairmiúil múinteoirí.

Leagtar amach sa Chód na caighdeán a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe.

Tá 33 chaighdeán i gceist san iomlán, a léiríonn castacht agus ilchineálacht na múinteoireachta agus a chuimsíonn réimsí cosúil le cumarsáid agus caidrimh, comhionannas agus cuimsiú, polasaithe náisiúnta agus scoile a chomhlíonadh, forbairt ghairmiúil agus leas daltaí/mac léinn.

Cuireann ceithre chroiluach bonn faoi na caighdeán sin - meas, cúram, macántacht agus muinín.

Tugtar aird sa Chód freisin ar an gcomhthéacs níos leithne ina ndéantar an mhúinteoireacht agus ar an iliomad tosca nach bhfuil faoi smacht múinteoirí ach a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre, ar a n-áirítear: rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus an phobail níos leithne; deiseanna ag múinteoirí forbairt ghairmiúil a dhéanamh; agus luas ard na n-athruithe i réimse an oideachais.

Is forbairt thábhachtach, dhearfach é foilsiú an Chóid nua do gach aon duine a bhfuil spéis aige nó aici i gcaighdeán na múinteoireachta a bhíonn ar siúl i seomraí ranga na tíre seo. Toisc go mbíonn tionchar ag an gcóras oideachais ar gach baile sa tír, nach mór, agus toisc go dtéann sé i bhfeidhm chomh mór sin ar an oiread sin daoine,

tá sé ríthábhachtach go mbeadh córas luachanna agus caighdeán ghairmiúla ghairm na múinteoireachta soiléir, sothuigthe agus sorochtana. Tríd an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí seo a ghlacadh, déanfar iontaoibh agus muinín na sochaí as múinteoirí a fheabhsú agus a dhoimhniú.

Seoltar cóip den Chód chuig gach múinteoir nua-cháilithe. Is féidir é a íoslódáil freisin ag [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

